



2015. M7

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

*Scrúdú na
hArdteistiméireachta, 2015*

Stampa an Ionaid

*Gaeilge
Ardleibhéal*

Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

160 MARC

**Dé Luain
8 Meitheamh
Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.20**

Cuid I: Cluastuiscint (60 Marc)

<i>Don Scrúdaitheoir</i>	
Cuid I: Cluastuiscint	
Na hIomláin	
Cuid A, Fógra 1	
Cuid A, Fógra 2	
Cuid B, Comhrá 1	
Cuid B, Comhrá 2	
Cuid C, Píosa 1	
Cuid C, Píosa 2	
Iomlán	

Eolas	
Gaeilge	
Móriomlán	

Treoracha d'iarrthóirí

Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.

Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.

Cuid A

Cloisfidh tú **dhá** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

FÓGRA A hAON

1. (a) Cén t-ainm atá ar an stáisiún raidió atá luaite san fhógra?

(b) Cén dáta a bheidh an clár nua ag tosú?

2. (a) Cén t-am tráthnóna Dé hAoine a bheidh an clár nua ar siúl?

(b) Luaigh ábhar **amháin** a bheidh á phlé ar an gclár nua.

3. Cad a bheidh le déanamh ag éisteoir chun seans a bheith aige duais a bhuachan ar an gclár nua?

FÓGRA A DÓ

1. (a) Cén cúrsa a chuirfidh Oideas Gael ar siúl do dhaoine fásta?

(b) Cá mbeidh an cúrsa ar siúl?

2. Luaigh imeacht **amháin** a bheidh ar siúl i ndiaidh na ranganna.

3. Cén uimhir theileafóin atá ag Oideas Gael?

Cuid B

Cloisfidh tú *dhá* chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina *dhá* mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

COMHRÁ A hAON

An Chéad Mhír

1. Cad a fuair scoil Dhónaill trí seachtaine ó shin?

2. Luaigh an **dá** thoradh a bhí ar an bhfeachtas i scoil Dhónaill.

(i) _____

(ii) _____

3. Cé chomh minic is a bhí duais speisialta ann?

An Dara Mír

1. Cuireann an feachtas seo na scoláirí ag smaoineamh ar rudaí áirithe, dar le Cáit. Scríobh síos ceann **amháin** de na rudaí sin.

2. Cén plan atá ag scoil Dhónaill don bhliain seo chugainn?

3. Cén fáth a bhfuil Cáit cráite?



Cuid B ar leanúint

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

1. Cá fhad a chaith Orla agus a tuismitheoirí san Astráil?

2. Cé hiad na gaolta de chuid Orla atá ina gcónaí san Astráil?

3. Cén fáth ar imigh Seán go dtí an Astráil anuraidh?

An Dara Mír

1. Luaigh **dhá** chúis a bhfuil saol níos fearr ag Seán san Astráil, dar le hOrla.

(i) _____

(ii) _____

2. Cad as do chailín Sheáin?

3. Scríobh síos fadhb **amháin** atá fós againn in Éirinn, dar le Dáithí.

Cuid C

Cloisfidh tú **dhá** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

PÍOSA A hAON

1. Cad a bheidh á chomóradh an bhliain seo chugainn?

2. Luaigh **dhá** rud a bhíodh ar siúl ag Pádraig Mac Piarais agus é ar saoire i gConamara.

(i) _____

(ii) _____

3. Cad atá i gceist ag an Rialtas a thógáil taobh le Teach an Phiarsaigh?

PÍOSA A DÓ

1. Cá bhfuil fáil ar an tseirbhís nuachta trí Ghaeilge a luaitear sa phíosa seo?

2. Cén t-ainm atá ar an tseirbhís nuachta seo?

3. Cén fáth a bhfuil oifigí na seirbhíse seo suite i mBearn, Co. na Gaillimhe?

Cuid II: Ceapadóireacht

(100 Marc)

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de **A, B nó C** anseo thíos.

Nóta: Ní gá níos mó ná 500-600 focal nó mar sin a scríobh i gcás ar bith.

A – AISTE nó ALT NUACHTÁIN / IRISE – **100 marc**

Scríobh AISTE NÓ ALT NUACHTÁIN / IRISE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

- (a) Seo í aois na nua-theicneolaíochta.
- (b) Alcól agus drugaí - fadhbanna móra in Éirinn.
- (c) Scéalta móra an lae inniu.
- (d) Buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis an taisteal.
- (e) Staid na Gaeilge faoi láthair.

B – SCÉAL – **100 marc**

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo oiriúnach mar theideal air.

- (a) Bród.
- (b) Is glas na cnoic i bhfad uainn.

C – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – **100 marc**

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

- (a) Scríobh *an chaint* a dhéanfa i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

Tá dul chun cinn iontach déanta ag mná na hÉireann le blianta beaga anuas.

- (b) Tá scrúdú na hArdeistiméireachta díreach críochnaithe agat. Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh ar chlár raidió ar an ábhar seo:

Tá córas oideachais an-mhaith againn in Éirinn.

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfa ar an ábhar sin.

Leathanach Bán